Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Iúil 2021**
**(OR. en)**

**10906/21**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0197(COD)**

**CLIMA 198**
**ENV 534**
**TRANS 483**
**MI 572**
**CODEC 1108**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Iúil 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 556 final - Iarscríbhinn |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/631 a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 a láidriú do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí nua tráchtála éadroma i gcomhréir le huaillmhian aeráide mhéadaithe an Aontais. |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 556 final - Iarscríbhinn.

---

Faoi iamh: COM(2021) 556 final - Iarscríbhinn

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.7.2021
COM(2021) 556 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/631 a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 a láidriú do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí nua tráchtála éadroma i gcomhréir le huaillmhian aeráide mhéadaithe an Aontais.**

{SEC(2021) 556 final} - {SWD(2021) 188 final} - {SWD(2021) 613 final} - {SWD(2021) 614 final}

# IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(1) Leasaítear Cuid A mar a leanas:

(a) i bpointe 6.1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

‘Spriocanna le haghaidh fhlít uile an Aontais le haghaidh 2025 ar aghaidh’,

(b) i bpointe 6.1.2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

‘Sprioc le haghaidh fhlít uile an Aontais le haghaidh 2030 go 2034’

(c) cuirtear isteach pointe 6.1.3 seo a leanas:

‘6.1.3 Sprioc le haghaidh fhlít uile an Aontais le haghaidh 2035 ar aghaidh

Sprioc le haghaidh fhlít uile an $Aontais_{2035}$ = Sprioc le haghaidh fhlít uile an $Aontais_{2021}$· (1– fachtóir $laghdaithe_{2035}$)

i gcás inarb amhlaidh:

Go bhfuil an sprioc le haghaidh fhlít uile an $Aontais_{2021}$ mar a shainmhínítear i bpointe 6.0 í;

Go bhfuil fachtóir $laghdaithe_{2035}$ mar a shainmhínítear in Airteagal 1(5a), pointe (a) é.’

(d) i bpointe 6.2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

‘Spriocanna tagartha i leith astaíochtaí sonracha’

(e) scriostar pointe 6.2.2.

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 6.3:

‘6.3 Spriocanna tagartha i leith astaíochtaí sonracha le haghaidh 2025 ar aghaidh

6.3.1 Spriocanna tagartha i leith astaíochtaí sonracha le haghaidh 2025 go 2029

Sprioc i leith astaíochtaí sonracha = an sprioc thagartha i leith astaíochtaí sonracha · Fachtóir ZLEV i gcás inarb amhlaidh:

| | |
|---|---|
| gurb í an sprioc thagartha i leith astaíochtaí sonracha | an sprioc thagartha i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ a chinntear i gcomhréir le pointe 6.2.1; |
| gurb é fachtóir ZLEV | (1 + y - x), ach amháin más mó an tsuim sin ná 1.05 nó más lú ná 1.0 í agus, sa chás sin, socrófar fachtóir ZLEV ag 1.05 nó 1.0 de réir mar a bheidh; |

i gcás inarb amhlaidh:

y sciar na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle i bhflít gluaisteán nua paisinéirí an mhonaróra arna ríomh mar an líon iomlán feithiclí nua astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle, i gcás ina ndéanfar gach ceann díobh a chomhaireamh mar $ZLEV_{sonrach}$ i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas, arna roinnt ar an líon iomlán gluaisteán nua paisinéirí a chláraítear sa bhliain féilire ábhartha:

$$ZLEV_{sonrach} = 1 - \left(\frac{\text{sprioc astaíochtaí sonracha de CO2} \cdot 0{,}7}{50}\right)$$

I gcás gluaisteán nua paisinéirí a chláraítear i mBallstáit ina bhfuil sciar d'fheithiclí astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle ina bhflít atá faoi bhun 60 % de mheán an Aontais sa bhliain 2017 agus ina bhfuil níos lú ná 1 000 feithicil nua astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle a cláraíodh sa bhliain 2017*, ríomhfar $ZLEVanna_{sonracha}$ go 2029, agus an bhliain sin san áireamh, i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$ZLEV_{sonrach} = \left(1 - \left(\frac{\text{sprioc astaíochtaí sonracha de CO2} \cdot 0{,}7}{50}\right)\right) \cdot 1{,}85$$

I gcás inar mó ná 5 % sciar na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle i bhflít Ballstáit de ghluaisteáin nua paisinéirí a chláraítear i mbliain idir 2025 agus 2028, ní bheidh an Ballstát sin incháilithe chun iolraitheoir 1.85 a chur i bhfeidhm sna blianta ina dhiaidh sin;

x 15 % sna blianta ó 2025 go 2029.

6.3.2 Spriocanna tagartha i leith astaíochtaí sonracha le haghaidh 2030 go 2034

Sprioc thagartha i leith astaíochtaí sonracha = Sprioc le haghaidh fhlít uile an $Aontais_{2030} + a_{2030} \cdot (TM - TM_0)$

I gcás,

inarb amhlaidh go bhfuil an sprioc le haghaidh fhlít uile an $Aontais_{2030}$ mar a chinntear i gcomhréir le pointe 6.1.2 í;

inarb é is $a_{2030}$ ann $\frac{a_{2021} \cdot Sprioc\ le\ haghaidh\ fhlít\ uile\ an\ Aontais_{2030}}{meánastaíochtaí_{2021}}$

i gcás inarb amhlaidh,

| | |
|---|---|
| go bhfuil $a_{2021}$ | mar a shainmhínítear i bpointe 6.2.1 é |
| go bhfuil $meánastaíochtaí_{2021}$ | mar a shainmhínítear i bpointe 6.2.1 iad |
| TM | mar a shainmhínítear i bpointe 6.2.1 é |
| $TM_0$ | mar a shainmhínítear i bpointe 6.2.1 é |

6.3.3 Spriocanna tagartha i leith astaíochtaí sonracha le haghaidh 2035 ar aghaidh

Sprioc thagartha i leith astaíochtaí sonracha = Sprioc le haghaidh fhlít uile an $Aontais_{2035} + a_{2035} \cdot (TM - TM_0)$

I gcás,

inarb amhlaidh go bhfuil an sprioc le haghaidh fhlít uile an $Aontais_{2035}$ mar a chinntear i gcomhréir le pointe 6.1.3 í;

inarb é is $a_{2035}$ ann $\frac{a_{2021} \cdot Sprioc\ le\ haghaidh\ fhlít\ uile\ an\ Aontais_{2035}}{meánastaíochtaí_{2021}}$

i gcás inarb amhlaidh,

| | |
|---|---|
| go bhfuil $a_{2021}$ | mar a shainmhínítear i bpointe 6.2.1 é |
| go bhfuil $meánastaíochtaí_{2021}$ | mar a shainmhínítear i bpointe 6.2.1 iad |
| TM | mar a shainmhínítear i bpointe 6.2.1 é |
| go bhfuil $TM_0$ | mar a shainmhínítear i bpointe 6.2.1 é |

* Déantar sciar na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle nua i bhflít na ngluaisteán nua paisinéirí de chuid Ballstáit in 2017 a ríomh mar an líon iomlán feithiclí astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle a cláraíodh in 2017 arna roinnt ar an líon iomlán gluaisteán nua paisinéirí a cláraíodh sa bhliain chéanna.';

(2) Leasaítear Cuid B seo a leanas:

(a) i bpointe 6.1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

'Spriocanna le haghaidh fhlít uile an Aontais le haghaidh 2025 ar aghaidh'

(b) i bpointe 6.1.2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

'Spriocanna le haghaidh fhlít uile an Aontais le haghaidh 2030 go 2034'

(c) cuirtear isteach pointe 6.1.3 seo a leanas:

'6.1.3 Spriocanna le haghaidh fhlít uile an Aontais le haghaidh 2035 ar aghaidh

Sprioc le haghaidh fhlít uile an $Aontais_{2035}$ = Sprioc le haghaidh fhlít uile an $Aontais_{2021}\cdot$ (1– fachtóir $laghdaithe_{2035}$)

i gcás inarb amhlaidh:

Go bhfuil an sprioc le haghaidh fhlít uile an $Aontais_{2021}$ mar a shainmhínítear i bpointe 6.0;

Gurb é fachtóir $laghdaithe_{2035}$ an fachtóir mar a shainmhínítear in Airteagal 1(5a), pointe (b) é.'

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 6.2.2:

'6.2.2 Spriocanna tagartha i leith astaíochtaí sonracha le haghaidh 2030 go 2034

Sprioc thagartha i leith astaíochtaí sonracha = Sprioc le haghaidh fhlít uile an $Aontais_{2030}$ + α ·(TM- $TM_0$)

I gcás,

inarb amhlaidh go bhfuil an sprioc le haghaidh fhlít uile an $Aontais_{2030}$ mar a chinntear i gcomhréir le pointe 6.1.3 í;

ina mbeidh α comhionann $le_{2030,L}$ i gcás ina mbeidh meánmhais tástála feithiclí nua tráchtála éadroma monaróra cothrom le nó níos ísle ná $TM_0$, $agus_{2030,H}$ i gcás ina mbeidh meánmhais tástála feithiclí nua tráchtála éadroma monaróra níos airde ná $TM_0$;

i gcás inarb amhlaidh:

go bhfuil $a_{2030,L}$ comhionann le $\frac{a_{2021}\cdot Sprioc\ le\ haghaidh\ fhlít\ uile\ an\ Aontais_{2030}}{meánastaíochtaí_{2021}}$

go bhfuil $a_{2030,H}$ comhionann le $\frac{a_{2021}.Sprioc\ le\ haghaidh\ fhlít\ uile\ an\ Aontais_{2030}}{Sprioc\ le\ haghaidh\ fhlít\ uile\ an\ Aontais_{2025}}$

go bhfuil $meánastaíochtaí_{2021}$ mar a shainmhínítear i bpointe 6.2.1 iad

TM mar a shainmhínítear i bpointe 6.2.1 é go bhfuil

$TM_0$ mar shainmhínítear i bpointe 6.2.1 é'

(e) cuirtear isteach pointe 6.2.3 seo a leanas:

'6.2.3 Spriocanna tagartha i leith astaíochtaí sonracha le haghaidh 2035 ar aghaidh

Sprioc thagartha i leith astaíochtaí sonracha = Sprioc le haghaidh fhlít uile an Aontais$_{2035}$ + α · (TM- TM$_0$)

I gcás,

inarb amhlaidh go bhfuil an sprioc le haghaidh fhlít uile an Aontais$_{2035}$ mar a chinntear i gcomhréir le pointe 6.1.3 í;

ina mbeidh α comhionann le$_{2035,L}$ i gcás ina mbeidh meánmhais tástála feithiclí nua tráchtála éadroma monaróra cothrom le nó níos ísle ná TM$_0$, agus$_{2035,H}$ i gcás ina mbeidh meánmhais tástála feithiclí nua tráchtála éadroma monaróra níos airde ná TM$_0$;

i gcás inarb amhlaidh:

go bhfuil a$_{2035,L}$ comhionann le $\frac{a_{2021} \cdot Sprioc\ le\ haghaidh\ fhlít\ uile\ an\ Aontais_{2035}}{meánastaíochtaí_{2021}}$

go bhfuil a$_{2035,H}$ comhionann le $\frac{a_{2021} \cdot Sprioc\ le\ haghaidh\ fhlít\ uile\ an\ Aontais_{2035}}{Sprioc\ le\ haghaidh\ fhlít\ uile\ an\ Aontais_{2025}}$

go bhfuil meánastaíochtaí$_{2021}$ mar a shainmhínítear i bpointe 6.2.1 iad

TM mar a shainmhínítear i bpointe 6.2.1 é go bhfuil

TM$_0$ mar a shainmhínítear i bpointe 6.2.1 é

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 6.3.2:

'6.3.2 Spriocanna tagartha i leith astaíochtaí sonracha le haghaidh 2030 go 2034

An sprioc i leith astaíochtaí sonracha = sprioc thagartha i leith astaíochtaí sonracha - (ø$_{spriocanna}$ - sprioc le haghaidh fhlít uile an Aontais$_{2030}$)

i gcás inarb amhlaidh:

Maidir leis an sprioc thagartha i leith astaíochtaí sonracha gurb í an sprioc thagartha i leith astaíochtaí sonracha le haghaidh an mhonaróra a chinntear i gcomhréir le pointe 6.2.2;

ø$_{spriocanna}$ gurb é meán na spriocanna tagartha uile i leith astaíochtaí sonracha, arna ualú ar an líon feithiclí nua tráchtála éadroma atá ag gach monaróir aonair, a chinntear i gcomhréir le pointe 6.2.2;

Go bhfuil an sprioc le haghaidh fhlít uile an Aontais$_{2030}$ mar a chinntear i bpointe 6.1.2 í.

(g) cuirtear isteach pointe 6.3.3 seo a leanas:

'6.3.3 Spriocanna i leith astaíochtaí sonracha le haghaidh 2035 ar aghaidh

Sprioc i leith astaíochtaí sonracha = sprioc thagartha i leith astaíochtaí sonracha - (ø$_{spriocanna}$ - sprioc le haghaidh fhlít uile an Aontais$_{2035}$)

i gcás inarb amhlaidh:

Maidir leis an sprioc thagartha i leith astaíochtaí sonracha gurb í an sprioc thagartha i leith astaíochtaí sonracha le haghaidh an mhonaróra a chinntear i gcomhréir le pointe 6.2.3;

$Ø_{spriocanna}$ gurb é meán na spriocanna tagartha uile i leith astaíochtaí sonracha, arna ualú ar an líon feithiclí nua tráchtála éadroma atá ag gach monaróir aonair, a chinntear i gcomhréir le pointe 6.2.3;

go bhfuil an sprioc le haghaidh fhlít uile an $Aontais_{2035}$ mar a chinntear i bpointe 6.1.3. í.